Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1471

22.5.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/1471 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 21 Bealtaine 2024**

**maidir le leithdháileadh mhéideanna na ranníocaíochta airgeadais a íoctar leis an tSaoráid Eorpach Síochána de bhun Chinneadh (CBES) 2024/1470**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal (28)1 agus Airteagal (41)2 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna conclúidí uaithi an 22 Márta 2024, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl, i bhfianaise phráinn na staide, go bhfuil rún daingean ag an Aontas Eorpach leanúint den tacaíocht pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus thaidhleoireachta uile is gá a sholáthar don Úcráin agus dá muintir, agus í sin a fhad is gá agus ar an leibhéal is déine is gá.

(2) An 21 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1470 [1] , lenar leasaíodh Cinneadh 2014/512/CBES [2] chun foráil a dhéanamh maidir leis na taisclanna lárnacha urrús de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3] ('taisclanna lárnacha urrús') a shealbhaíonn sócmhainní agus cúlchistí ar mó a luach iomlán ná EUR 1 mhilliún, tá siad le ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh óna nglanbhrabúis a eascraíonn as blocáil sócmhainní de chuid na Rúise, ranníocaíocht atá cothrom le 99,7 % de na glanbhrabúis sin arna gcarnadh ón 15 Feabhra 2024 i leith. Ba cheart na híocaíochtaí a dhéanamh i dtráthchodanna débhliantúla go dtí go scoirfidh an brabús urghnách de bheith ag carnadh ar chláir chomhardaithe na dtaisclann lárnach urrús i ngeall ar scor na mbeart sriantach lena dtoirmisctear idirbhearta le sócmhainní agus cúlchistí Bhanc Ceannais na Rúise. De réir an Chinnidh sin, tá 90 % de mhéideanna na ranníocaíochta airgeadais arna híoc leis an Aontas le húsáid chun tacú leis an Úcráin, tríd an tSaoráid Eorpach Síochána arna bunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle [4] (SES). Ós rud é go bhfuil an leithdháileadh le hathbhreithniú go bliantúil agus den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2025, d'fhéadfadh athrú teacht amach anseo ar an gcéatadán den ranníocaíocht airgeadais a leithdháilfear ar an tSaoráid Eorpach Síochána.

(3) Chun úsáid a bhaint as na sásraí seachadta atá ann cheana, ba cheart na méideanna a leithdháiltear ar an tSaoráid Eorpach Síochána a leithdháileadh ar bhearta cúnaimh chun tacaíocht mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine sa bhreis ar na ranníocaíochtaí deonacha dá dtagraítear in Airteagal 30 de Chinneadh (CBES) 2021/509. Ba cheart na méideanna sin a bheith sa bhreis ar na méideanna tagartha arna gcomhaontú le haghaidh na mbeart cúnaimh faoi seach. Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le rialacha sonracha don fhoinse nua chistiúcháin sin, ar cheart di rialacha na Saoráide Eorpaí Síochána atá ann cheana a chomhlánú. Go háirithe, ní gá don Choiste Polaitiúil agus Slándála glacadh leis an ranníocaíocht bhreise ná ní gá do Choiste na Saoráide Eorpaí Síochána í a údarú; ós rud é go bhforáiltear cheana le Cinneadh (CBES) 2024/1470 d'údarú díreach ón gComhairle, níl gá le haon nós imeachta breise den sórt sin maidir le glacadh. Ina theannta sin, ní gá socruithe riaracháin a thabhairt i gcrích le taisclanna lárnacha urrús, ós rud é go mbunaítear na rialacha maidir leis an ranníocaíocht sa Chinneadh seo.

(4) Tá leithdháileadh na méideanna ar bhearta cúnaimh mar thacaíocht leis an Úcráin gan dochar do cháilíocht shonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus do sheasamh na mBallstát a staon ó vótáil agus a rinne dearbhú foirmiúil nó a staonfaidh ó vótáil agus a dhéanfaidh dearbhú foirmiúil i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 31(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána. Dá bhrí sin, níl oibleagáid ar na Ballstáit sin fós na cinntí maidir le bearta cúnaimh na Saoráide Eorpaí Síochána a chur i bhfeidhm i gcás inar staon siad agus ina ndearna siad dearbhú foirmiúil. Níl feidhm ag an dara habairt d'Airteagal 5(3) i gCinneadh (CBES) 2021/509.

[1] Cinneadh (CBES) 2024/1470 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/1470, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1470/oj ).

[2] Cinneadh 2014/512/CBES an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).

[4] Cinneadh (CBES) ón gComhairle 2021/509 an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Síochána Eorpach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

(5) Is iomchuí a fhoráil nár cheart do na ranníocaíochtaí náisiúnta leis an tSaoráid Eorpach Síochána na costais riaracháin a bhaineann le bainistiú na méideanna sin a sheasamh, ach go bhfuil siad le cumhdach ó na méideanna sin. Tá tacaíocht mhíleata faoin tSaoráid Eorpach Síochána le cur ar fáil i gcomhréir leis an gcreat rialála ábhartha, lena n-áirítear rialacha cur chun feidhme na Saoráide Eorpaí Síochána. Thairis sin, tráth a bheidh aon tacaíocht mhíleata á soláthar faoin tSaoráid Eorpach Síochána, tabharfar lánurraim do bheartas slándála agus cosanta Ballstát áirithe, áiritheofar trédhearcacht agus inrianaitheacht na tacaíochta arna maoiniú ag an tSaoráid Eorpach Síochána, agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta gach Ballstáit san áireamh. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 73(10) de Chinneadh (CBES) 2021/509, i gcásanna inar staon Ballstát ó vótáil agus ina ndearna sé dearbhú foirmiúil i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 31(1) CAE maidir le beart cúnaimh atá le maoiniú leis an méid tiomnaithe a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 73(10) de Chinneadh (CBES) 2021/509, ní rannchuideoidh an Ballstát sin le costais an bhirt cúnaimh sin agus, i gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Chinneadh (CBES) 2021/509, ní Ballstát is rannchuiditheoir é i dtaobh dliteanas neamhchonarthach an Aontais a eascraíonn as cur chun feidhme birt cúnaimh arna ghlacadh faoi Chinneadh (CBES) 2021/509 a chumhdach. Tá feidhm ag an méid sin freisin maidir le Ballstát a staon ón vótáil agus a rinne dearbhú foirmiúil i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 31(1) CAE i ndáil le beart cúnaimh dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/338 ón gComhairle ([5]).

(6) I bhfianaise riachtanais athraitheacha Fhórsaí Armtha na hÚcráine agus chun breisluach an Aontais a uasmhéadú, ba cheart don Choiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 leithdháileadh na méideanna a fhaightear idir bearta cúnaimh a agus a athbhreithniú go tréimhsiúil i gcomhréir le treoshuíomh straitéiseach tiomnaithe arna sholáthar ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála de bhun Airteagal 9(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal 5(5), chomh maith le hAirteagal 11(8) agus (14) de Chinneadh (CBES) 2021/509,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar na méideanna a leithdháiltear ar an tSaoráid Eorpach Síochána de bhun Chinneadh (CBES) 2024/1470 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine a leithdháileadh ar bhearta cúnaimh chun tacaíocht mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, sa bhreis ar na ranníocaíochtaí deonacha dá dtagraítear in Airteagal 30 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

*Airteagal 2*

Cumhdófar na costais riaracháin a bhaineann le bainistiú na méideanna leis na méideanna féin. Osclófar leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam ón ranníocaíocht airgeadais shonrach sin a luaithe a gheofar na híocaíochtaí agus déanfar iad a thabhairt anonn go huathoibríoch. Íocfar isteach i gcuntais bhainc thiomnaithe iad. Úsáidfear iad chun an caiteachas a chur chun feidhme ar cuireadh a riar de chúram ar an tSaoráid Eorpach Síochána.

Soláthrófar tacaíocht mhíleata faoin tSaoráid Eorpach Síochána i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus le rialacha cur chun feidhme na Saoráide Eorpaí Síochána.

*Airteagal 3*

I bhfianaise riachtanais athraitheacha Fhórsaí Armtha na hÚcráine agus chun breisluach an Aontais a uasmhéadú, déanfar leithdháileadh na méideanna a fhaightear idir bearta cúnaimh a chinneadh agus a athbhreithniú go tréimhsiúil ag an gCoiste um an tSaoráid arna bhunú in Airteagal 11 de Chinneadh (CBES) 2021/509 i gcomhréir le treoshuíomh straitéiseach tiomnaithe arna sholáthar ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála de bhun Airteagal 9(2) den Chinneadh sin. Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal 5(5), chomh maith le hAirteagal 11(8) agus (14) den Chinneadh sin. I bhfianaise na n-imthosca sonracha, ní bheidh feidhm ag an dara habairt d'Airteagal 5(3) de Chinneadh (CBES) 2021/509.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Bealtaine 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

H. LAHBIB

---

([5]) Cinneadh (CBES) 2022/338 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 60, 28.2.2022, lch. 1).